



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2017*

## *Gaeilge Ardleibhéal*

---

**Páipéar II**

200 MARC

---

**Dé Máirt  
13 Meitheamh  
Maidin, 9.30 go dtí 12.35**

---

***Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3***

# **Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.  
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

**Ceist 1:** LÉAMHTHUISCINT: A agus B  
Tá Ceist 1 - 5 ar cómharc.  
Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail an tsleachta,  
de réir mar a éilíonn an cheist.  
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

**Ceist 2:** PRÓS:  
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

**Ceist 3:** FILÍOCHT:  
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

**Ceist 4:** LITRÍOCHT BHREISE

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## TG4 – Fiche Bliain ag Fás

1. Thosaigh Teilifís na Gaeilge ag craoladh ó Bhaile na hAbhann i gConamara ar Oíche Shamhna 1996. Céim mhór chun cinn don Ghaeilge ba ea bunú an stáisiúin. Den chéad uair riamh, bhí seirbhís iomlán teilifíse ar fáil sa Ghaeilge do phobal na Gaeltachta agus do lucht labhartha na Gaeilge trí chéile. Thug an tseirbhís nua seo deis do phobal na Gaeilge a gcuid scéalta féin a insint, agus siamsaíocht teilifíse a bheith acu, ina dteanga dhúchais féin. TG4 a thugtar ar an stáisiún anois agus ar Oíche Shamhna na bliana seo caite craoladh seó spleodrach speisialta ar TG4 chun fiche bliain de sheirbhís an stáisiúin a cheiliúradh. Beo ó phuball in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a craoladh an clár agus bhí míreanna beo ann ó cheantair Ghaeltachta. Bhí aíonna éagsúla ar an gclár speisialta seo ag comhrá faoi bhunú an stáisiúin, faoin tábhacht atá leis an stáisiún agus faoina bhfuil i ndán don stáisiún sa todhchaí. Ba é ‘Aistriú an Lóchrainn’ téama an chlár speisialta seo. Bhí obair TG4 á samhlú le lóchrann nó le crann solais ag craobhscaoileadh an chultúir Ghaelaigh beo beathach ar fud an domhain.

2. Tá clár Ghaeilge le feiceáil ar an teilifís ó thosaigh Teilifís Éireann ag craoladh sa bhliain 1961. Bhí dualgas reachtúil ar an stáisiún sin ó bunaíodh é méid áirithe clár Gaeilge a chraoladh. Níorbh fhada, áfach, gur éirigh pobal na Gaeilge míshásta leis an tseirbhís Ghaeilge a bhí ar fáil ar Theilifís Éireann. Níor craoladh riamh ach líon beag clár Gaeilge, craoladh iad ag amanna nach raibh oiriúnach agus ba mhinic a cháin an lucht féachana caighdeán na gclár Gaeilge. Thosaigh grúpaí éagsúla i bpobal na Gaeilge ag éileamh bealach teilifíse trí Ghaeilge. Fuair siad spreagadh ó imeachtaí lasmuigh den tír. Bhí tuiscint nua ag teacht chun cinn ó dheireadh na seascaidí ar aghaidh ar thábhacht na mionteangacha agus ar chearta teanga na mionlach. Nuair a thosaigh an stáisiún teilifíse S4C ag craoladh as Breatnais sa Bhreatain Bheag sa bhliain 1982, chonacthas go soiléir cé chomh mór agus a chabhraigh an stáisiún

nua le stádas na Breatnaise. Chuir an tseirbhís nua teilifíse an Bhreatnais i gceartlár an tsaoil chomhaimseartha. Sa bhliain 1989, thosaigh an grúpa, an Feachtas Náisiúnta Teilifíse, ag éileamh seirbhís teilifíse do phobal iomlán na Gaeilge ina dteanga féin. Bhí toradh éachtach ar an agóidíocht agus ar an mbrú polaitiúil go léir nuair a bunaíodh Teilifís na Gaeilge.

3. Ba thráthúil go raibh Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, i láthair ar oíche cheiliúrtha TG4 anuraidh. Bhí baint lárnach aigesean le bunú an stáisiúin sa bhliain 1996 nuair a bhí sé ina Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta. Mar Aire, bhí sé freagrach as cúrsaí craoltóireachta agus d’aontaigh sé go hiomlán le cuspóirí an Fheachtais Náisiúnta Teilifíse. Ina óráid ar Oíche Shamhna anuraidh, labhair an tUachtarán faoi thábhacht TG4 i saol na Gaeilge. Cothaíonn an stáisiún nasc idir na pobail scaipthe a labhraíonn an Ghaeilge anseo in Éirinn agus ar fud an domhain, a dúirt sé. Tugann TG4 deis do gach duine a bhfuil Gaeilge aige a bheith páirteach i gcomhluadar na teanga, bíodh sé ina chainteoir líofa nó ná bíodh. Is den riachtanas é má tá an Ghaeilge le buanú, dar leis an Uachtarán, deis a bheith ag pobal na Gaeilge a n-íomhá féin a fheiceáil, agus a nguth féin a chloisteáil ag trácht ina dteanga dhúchais féin ar gach ábhar atá tábhachtach ina saol.

4. Tá sceideal iontach clár curtha ar fáil ag TG4 le fiche bliain anuas. Tá na céadta gradam buaite ag lucht déanta na gclár ag féilte teilifíse agus scannánaíochta ar fud an domhain. Tá na clár nuachta ar ardchaighdeán. Déantar plé cuimsitheach iontu ar chúrsaí Gaeltachta, agus ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ghlac ceannairí na mórpháirtithe polaitíochta páirt i ndíospóireacht trí Ghaeilge ar TG4 nuair a bhí feachtas olltoghchánaíochta ar siúl sa bhliain 2011, agus moladh an clár go hard. Is iad na clár spóirt agus na clár cheoil is mó a tharraingíonn

lucht féachana chuig TG4, agus tá eolas ag gach duine ar an sobaldráma *Ros na Rún*. Tá clú agus cáil bainte amach ag go leor de na láithreoirí agus de na haisteoirí a bhíonn ar an stáisiún. Téann cuid acu ar fud an domhain chun cláir a dhéanamh. Is iomaí clár taistil atá déanta ag Hector Ó hEochagáin. An geimhreadh seo caite, craoladh an tsraith *Hector Central*. Sa tsraith sin, thug Hector cuntas spéisiúil ar thuras a rinne sé trí Mheiriceá Láir, agus ar na daoine ar chas sé orthu ar an mbealach.

5. Ceapadh Alan Esslemont mar Ard-Stiúrthóir TG4 anuraidh. Go luath i ndiaidh a cheaptha, labhair sé faoi bhuanna TG4 mar a chonacthas dó iad. Mhol sé sceideal laethúil an stáisiúin atá ag freastal ar na daoine a bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga labhartha acu agus ar na daoine nach bhfuil acu ach beagán Gaeilge. Chomh maith leis sin, mhol sé foireann an stáisiúin as an leas a bhaineann siad as na teicneolaíochtaí digiteacha is déanaí chun na

cláir a scaipeadh ar fud an domhain. Is é an dúshlán is mó atá roimh an stáisiún, dar leis an Ard-Stiúrthóir nua, ná a chinntiú go mbeidh maoiniú ceart ar fáil chun cláir a fhorbairt agus chun an tseirbhís chraolacháin a chur chun cinn. Beidh modhanna oibre nua ag TG4 chun tabhairt faoin dúshlán seo, dar le hEsslemont. Ní dhéanfaidh an stáisiún féin an méid céanna clár feasta. Cuirfear níos mó den obair sin ar fáil ar conradh do chuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha. Tá dóchas ag Alan Esslemont go gcuirfidh an straitéis nua ar chumas TG4 freastal ar an lucht féachana le fonn agus le fuinneamh sa dara fiche bliain a bheidh an stáisiún ar an aer.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*



## Ceisteanna

- (a) Cén fáth a raibh bunú Theilifís na Gaeilge ina chéim mhór chun cinn don Ghaeilge? Tabhair **dhá** phointe eolais. (Alt 1)

(b) (i) Scríobh síos **dhá** cheann de na hábhair chomhrá a bhí ag na haíonna ar an gclár speisialta. (Alt 1)

(ii) Conas a samhlaíodh obair TG4 ar an gclár speisialta? (Alt 1) (7 marc)
- (a) Tabhair **dhá** chúis ar éirigh pobal na Gaeilge míshásta leis an tseirbhís Ghaeilge a bhí ar fáil ar Theilifís Éireann. (Alt 2)

(b) (i) Cén tuiscint nua a bhí ag teacht chun cinn ó dheireadh na seascaidí ar aghaidh? (Alt 2)

(ii) Conas a chabhraigh an tseirbhís nua teilifíse S4C le stádas na Breatnaise? (Alt 2) (7 marc)
- (a) Tabhair **dhá** phointe eolais faoin mbaint lárnach a bhí ag Micheál D. Ó hUiginn le bunú an stáisiúin. (Alt 3)

(b) (i) Cén tábhacht a bhaineann le TG4 i saol na Gaeilge, dar leis an Uachtarán? Tabhair pointe **amháin** eolais. (Alt 3)

(ii) Cad atá riachtanach má tá an Ghaeilge le buanú, dar leis an Uachtarán? (Alt 3) (7 marc)
- (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoi na cláir nuachta a thaispeántar ar TG4. (Alt 4)

(b) (i) Cén bhaint a bhí ag TG4 leis an bhfeachtas olltoghchánaíochta a bhí ar siúl sa bhliain 2011? (Alt 4)

(ii) Cén cuntas spéisiúil a thug Hector sa tsraith *Hector Central*, a craoladh an geimhreadh seo caite? (Alt 4) (7 marc)
- (a) Scríobh síos **dhá** bhua de chuid TG4 a mhol an tArd-Stiúrthóir nua, Alan Esslemont. (Alt 5)

(b) (i) Cén dúshlán is mó atá roimh TG4, dar leis an Ard-Stiúrthóir nua? (Alt 5)

(ii) Cén t-athrú a thiocfaidh ar mhodhanna oibre TG4 feasta? (Alt 5) (7 marc)
- (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 1 **agus** sampla de bhriathar san Aimsir Fháistineach in Alt 5.

(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** chúis ar scríobh an t-údar an sliocht seo. (Is leor **60** focal.) (15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

### An Cogadh sa tSiria agus Géarchéim na nDídeanaithe

1. Tá an cogadh cathartha sa tSiria ar cheann de phríomhscéalta nuachta an domhain le blianta beaga anuas. Tá na milliúin Siriach marbh de dheasca an chogaidh chathartha, tá beatha na gcéadta míle eile i mbaol laistigh den tír agus tá níos mó ná cúig mhilliún duine tar éis teitheadh. I mí Mheán Fómhair 2015, scaipeadh pictiúr ar na meáin idirnáisiúnta a tharraing aird an domhain ar uafás an chogaidh chathartha seo. Íomhá a bhí ann de chorp Aylan Kurdi, buachaill óg Siriach trí bliana d’aois, ina luí marbh ar an trá sa Tuirc. D’fhág Aylan agus a mhuintir an tSiria agus iad ag éalú ón gcogaíocht agus ag súil le saol síochánta sa Ghearmáin. Bhí sé féin, a thuismitheoirí agus a dheartháir i mbád beag in éineacht le Siriaigh eile nuair a iompaíodh an bád bunoscionn ar na farraigí fiáine. Bádh Aylan, a dheartháir agus a mháthair. Tá géarchéim na ndídeanaithe Siriacha ar cheann de na tubaistí daonna is measa ó aimsir an Dara Cogadh Domhanda anall.

2. Sa tSiria sa bhliain 2011, thosaigh grúpaí éagsúla ag léirsiú in aghaidh Uachtarán na tíre, Bashar al-Assad. Bhí siad míshásta le réimeas ollsmachtach an Uachtaráin sa tír. Theastaigh ó na grúpaí éagsúla an daonlathas agus an tsaoirse a chur chun cinn sa tír. Ceapadh i dtús báire go dtiocfadh an dá thaobh ar réiteach síochánta, ach chuaigh an scéal in olcas. Faoi dheireadh na bliana 2011, bhí cogadh fíochmhar ar siúl ar fud na tíre. Ó shin i leith, tá ionsaithe míleata, buamáil leanúnach agus céasadh ar siúl gan stad sa tír. Deir na Náisiúin Aontaithe go bhfuil daoine ar gach taobh den aighneas ag déanamh coireanna cogaidh agus ag sárú chearta an duine. Is iad gnáthmhuintir na Siria atá ag fulaingt. Bíonn tuairiscí ar an nuacht go minic faoin gcogaíocht chruálach atá ar siúl i gcathair Aleppo. Tá an chathair ársa sin faoi léigear leanúnach le ceithre bliana anuas. Tá daoine á marú as éadan in aghaidh an lae sna ruathair mhíleata sa chathair. Tá céatadán an-mhór den phobal ruaigthe as a dtithe, gan teacht acu ar bhia ná ar uisce.

3. Ní bhíonn an dara rogha ag cuid mhór Siriach ach an tír a fhágáil de dheasca na cogaíochta.

Tugann siad a n-aghaidh ar an Meánmhuir ag iarraidh a mbealach a dhéanamh chun na hEorpa. Is iomaí constaic a bhíonn le sárú acu. Ní furasta bád oiriúnach a fháil chun iad a thabhairt trasna na farraige. Cé go n-íocann siad suimeanna móra airgid le smuigléirí a gheallann bád sábháilte dóibh, is minic a bhuailtear bob orthu. Uaireanta eile, ní bhíonn an bád acmhainneach ar muir agus téann sé go tóin poill dá bharr. Na dídeanaithe sin a n-éiríonn leo an turas farraige a dhéanamh slán sábháilte, bíonn go leor fadhbanna acu ag na hionaid seiceála ar na teorainneacha idir na tíortha éagsúla. Bíonn an baol ann i gcónaí go ndúnfar na hionaid seiceála ar na teorainneacha nó nach nglacfar lena gcuid páipéarachais agus nach ligfear dóibh dul ar aghaidh. Nuair a bhíonn na húdaráis sásta glacadh lena gcáipéisí agus iad a ligean isteach sa tír, seoltar ar aghaidh chuig campaí dídeanaithe iad. Bíonn na cúinsí maireachtála go hainnis sna campaí sin. Bíonn plód uafásach daoine iontu, bíonn easpa mhór bia ann agus ní bhíonn cúrsaí sláintíochta mar is cuí.

4. Dídeanaí inspioráideach is ea Nujeen Mustafa. Níl lúth na gcos aici agus tá sí ag brath ar chathaoir rothaí. Nuair a bhí sí sé bliana déag d’aois, d’fhág sí a baile agus a thuismitheoirí sa tSiria. Sháraigh sí na constaicí iomadúla a bhíonn roimh gach dídeanaí – bád a aimsiú, turas dainséarach a dhéanamh, teorainneacha a thrasnú - ach bhí éachtaí sa bhreis air sin ag baint le turas Nujeen. D’éirigh léi turas éachtach a dhéanamh go dtí an Ghearmáin - turas 3,500 míle trasna naoi dtír éagsúla ina cathaoir rothaí in éineacht lena deirfiúr, Nasrine, a bhí ag brú a cathaoireach. D’fhulaing Nujeen pian agus anró ina cathaoir rothaí ach níor chaill sí féin ná a deirfiúr dóchas riamh. D’éirigh leo an Ghearmáin a bhaint amach i mí Mheán Fómhair 2015 agus tá siad ina gcónaí in árasán ar imeall chathair Cologne anois. Tá Nujeen ag freastal ar scoil anois, den chéad uair ina saol. Ní bhfuair sí oideachas foirmiúil sa tSiria mar ní raibh mórán áiseanna sna scoileanna ansin do dhaoine faoi mhíchumas. Tá a cuid aislingí féin ag Nujeen anois – ba mhaith léi a bheith ina spásaire agus taisteal sa spás, agus ba mhaith léi

dul go Londain chun bualadh leis an mbanríon. Is é mana Nujeen gur cóir do dhuine troid ar son na rudaí is mian leis a bhaint amach sa saol.

5. Meabhraíonn cás mhuintir Shiria inniu an Gorta Mór inár stair féin dúinn. Bíodh is nach raibh cogadócht ar siúl in Éirinn ag an am sin, b'éigean do na mílte Éireannach teitheadh ón gcruatan agus ón mbochtaineacht sa tír seo. D'imigh a lán acu go Meiriceá agus iad ag súil le saol níos fearr. Labhair an t-aisteoir clúiteach Meiriceánach, George Clooney, ag comhdháil idirnáisiúnta faoi chás na ndídeanaithe sa bhliain 2016. Thagair sé dá shinsir féin a d'fhág Éire in aimsir an Ghorta Mhóir. Cuireadh fáilte rompu i Meiriceá agus tugadh dídean agus lámh chúnata dóibh in am an ghátair. Is mór idir sin agus an diúltú atá á fháil ag a lán de na dídeanaithe as an tSiria sa lá atá inniu ann. Bhí teachtaireacht ag George Clooney ina óráid. Is

daoine daonna iad na dídeanaithe, a dúirt sé, gnáthdhaoine ar ár nós féin. Ba cheart caitheamh go cothrom leis na dídeanaithe agus a bheith cineálta leo. Sa bhliain 2001, d'fhógair na Náisiúin Aontaithe go mbeadh an 20 Meitheamh mar Lá Domhanda na nDídeanaithe feasta. Bíonn imeachtaí ar siúl ar an lá sin chun coinsias daoine a mhúscailt chun gnímh ar mhaithe le dídeanaithe.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*



## Ceisteanna

- (a) Luaigh **dhá** thoradh atá ar an gcogadh cathartha sa tSiria. (Alt 1)

(b) (i) Cén íomhá sna meáin a tharraing aird an domhain ar uafás an chogaidh chathartha seo? (Alt 1)

(ii) Cad a deir an t-údar faoi ghéarchéim na ndídeanaithe Siriacha? (Alt 1) (7 marc)
- (a) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh grúpaí éagsúla ag léirsiú in aghaidh Uachtarán na Siria, Bashar al-Assad, sa bhliain 2011. (Alt 2)

(b) (i) Scríobh síos **dhá** rud a deir na Náisiúin Aontaithe faoi dhaoine ar gach taobh den aighneas sa tSiria. (Alt 2)

(ii) Tabhair pointe **amháin** eolais faoin tionchar atá ag an gcogadócht chruálach ar phobal Aleppo. (Alt 2) (7 marc)
- (a) Luaigh **dhá** chonstaic a bhíonn le sárú ag na dídeanaithe agus iad ag iarraidh turas farraige a eagrú. (Alt 3)

(b) (i) Scríobh síos fadhb **amháin** a bhíonn ag na dídeanaithe ag na hionaid seiceála ar na teorainneacha idir na tíortha éagsúla. (Alt 3)

(ii) Tabhair pointe **amháin** eolais a léiríonn go bhfuil na cúinsí maireachtála go hainnis i gcampaí na ndídeanaithe. (Alt 3) (7 marc)
- (a) Cén turas éachtach a rinne Nujeen Mustafa go dtí an Ghearmáin? (Alt 4)

(b) (i) Cén fáth nach bhfuair Nujeen oideachas foirmiúil sa tSiria? (Alt 4)

(ii) Cén mana atá ag Nujeen? (Alt 4) (7 marc)
- (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoin nGorta Mór in Éirinn. (Alt 5)

(b) (i) Cén teachtaireacht faoi na dídeanaithe a bhí ag George Clooney ina óráid? (Alt 5)

(ii) Luaigh an aidhm atá le Lá Domhanda na nDídeanaithe. (Alt 5) (7 marc)
- (a) Aimsigh sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 2 agus sampla d'ainmfhocal firinsneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5.

(b) Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair **dhá** phointe eolais i **d'fhocail féin**, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.) (15 mharc)

## Ceist 2 PRÓS (30 marc)

---

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) **nó** Ceist 2B (Prós Roghnach) thíos.

### 2A. Prós Ainmnithe

Freagair an cheist thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

“Is bean í Lisín atá i gceannas ar a saol féin, ar a teaghlach agus ar a teach.”  
Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

### 2B. Prós Roghnach

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

Maidir leis an ngiota as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa ghiota. Déan plé ar an bpáirt atá ag an bpríomhcharachtar (ag an bpríomhphearsa) sin sa ghiota.

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)



## Ceist 3 **FILÍOCHT (30 marc)**

– **FILÍOCHT AINMNITHE** nó **FILÍOCHT ROGHNACH** – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

### 3A. **Filíocht Ainmnithe**

- (i) “Úsáideann an file codarsnacht shoiléir chun **dhá** phictiúr (íomhá) den ainmhí a chur os ár gcomhair sa dán *Géibheann* (thíos).” É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile seo. (9 marc)

<b>Géibheann</b>	
Ainmhí mé	tagann na céadta daoine chuile lá
ainmhí allta as na teochreasa a bhfuil clú agus cáil ar mo scéimh	a dhéanfadh rud ar bith dom ach mé a ligean amach.
chroithfinn crainnte na coille tráth le mo gháir	
ach anois luím síos agus breathnaím trí leathshúil ar an gcrann aonraic sin thall	

### 3B. **Filíocht Roghnach**

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cén príomhthéama atá sa dán, dar leat? Déan plé ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama sin os ár gcomhair sa dán. (15 mharc)
- (ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile seo. (9 marc)

## Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

### – LITRÍOCHT BHREISE – (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos.

#### 4A. An Triail

“Léirítear Pádraig Mac Cárthaigh mar fhear atá bréagach agus mícharthanach sa dráma *An Triail*.”  
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

#### 4B. A Thig Ná Tit Orm

Déan plé ar an **dá** thréith is mó, dar leat, a bhaineann le Maidhc Dainín mar a léirítear iad sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*. (40 marc)

#### 4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

“Is laoch cróga dílis é Diarmaid mar a léirítear sa *Tóraíocht* é.”  
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

#### 4D. Gafa

“Tá léiriú éifeachtach ar an gcaidreamh idir Eoin agus a thuismitheoirí, Eithne agus Breandán, sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.”  
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

#### 4E. Canary Wharf

“Sa scéal *Cosaint Sonraí*, tá tionchar mór ag iompar Leanóra agus ag cás mhuintir Hilliard ar Ghráinne.”  
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

#### 4F. Dánta Breise – Éiceolaí

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) “Baineann an file úsáid as an gcodarsnacht chun príomhthéama an dáin a chur os ár gcomhair sa dán *Éiceolaí* (thall).” Déan plé ar an ráiteas sin. (20 marc)

(ii) Cad é an mothúchán is mó atá sa dán seo, dar leat? Is leor **dhá** phointe eolais faoin mothúchán sin. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra. (10 marc)

(iii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht  
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúil dá misneach. (10 marc)

## Éiceolaí

Tá bean béal dorais a choinníonn caoi ar a teach,  
a fear, a mac,  
is a shíleann gairdín a choinneáil mar iad, go baileach.  
Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.  
Ní maith léi fiántas.  
Ní fhoighníonn le galar ná smál ná féileacán bán  
ná piast ag piastáil  
is ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár.

Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.  
Téann mo sheilidí de sciurd oíche ag ithe a cuid leitíse.  
Síneann na driseacha agamsa a gcosa faoin bhfál.  
Is ar an bhféar aici siúd a dhéanann mo chaorthainnse  
cuileanna glasa a thál.

Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht  
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúil dá misneach.

# **Leathanach Bán**